C/2024/5879

27.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11660 – MUTARES / SERNEKE SVERIGE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5879)

1. An 20 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mutares SE & Co. KGaA ('Mutares', an Ghearmáin), faoi rialú deiridh Mr Robin Laik (an Ghearmáin)

— Serneke Sverige AB ('Serneke Sverige', an tSualainn), faoi rialú deiridh Doxa Aktiebolag (publ)

Gheobhaidh Mutares rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Serneke Sverige ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is éard atá in Mutares cuideachta sealbhaíochta infheistíochta idirnáisiúnta a dhíríonn ar chásanna speisialta agus a dhíríonn ar chodanna de chorparáidí móra (gearrthacha) agus cuideachtaí meánmhéide i staideanna idirthréimhseacha a fháil. Is ar na hearnálacha eacnamaíocha seo a leanas a dhíríonn Mutares: Mótarfheithiclí agus na Soghluaisteachta, na Teicneolaíochta agus na hInnealtóireachta, Earraí, Seirbhísí agus an Mhiondíol agus an Bhia. Tá a chuideachtaí punainne gníomhach ar fud an domhain.

— Tá Serneke Sverige gníomhach san earnáil tógála sa tSualainn amháin, agus gníomhaíochtaí aige i seirbhísí pobail agus réadmhaoin bhonneagair chomh maith le foirgnimh chónaithe agus tráchtála.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11660 – MUTARES / SERNEKE SVERIGE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË